Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 9 Meán Fómhair 2021**
**(OR. en)**

**11693/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0286(NLE)**

**PROBA 32**
**AGRI 407**
**WTO 207**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 8 Meán Fómhair 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 537 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 a leasú |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 537 final.

Faoi iamh: COM(2021) 537 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 8.9.2021
COM(2021) 537 final

2021/0286 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 a leasú**

{SWD(2021) 235 final}

GA GA

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta('ISC') i gcomhar leis an vóta speisialta a bhfuil sé beartaithe é a reáchtáil i gcomhréir le hAirteagal 44(1) den Chomhaontú Idirnáisiúnta Siúcra ('ISA') lena molfar do Bhaill na hEagraíochta Idirnáisiúnta Siúcra ('ISO') ISA a leasú i gcomhréir le toradh na gcaibidlíochtaí maidir lena pháirt-athbhreithniú a cuireadh tús leis i mí Iúil 2019.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992

Is é is aidhm d'ISA, 1992 a áirithiú go mbeidh comhar idirnáisiúnta feabhsaithe ann maidir le cúrsaí siúcra agus saincheisteanna gaolmhara, go gcuirfear fóram ar fáil le haghaidh comhairliúcháin idir-rialtasacha maidir le siúcra agus bealaí chun feabhas a chur ar gheilleagar domhanda an tsiúcra, go n-éascófar trádáil trí fhaisnéis ar mhargadh domhanda an tsiúcra agus milseoirí eile a bhailiú agus a sholáthar, agus go spreagfar éileamh méadaithe ar shiúcra, go háirithe ar úsáidí neamhthraidisiúnta.

Tháinig ISA i bhfeidhm an 1 Eanáir 1993.

Is páirtí é an tAontas in ISA[1]. Tugadh ISA i gcrích le Cinneadh 92/580/CEE ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 1993. Tugadh i gcrích é le haghaidh tréimhse 3 bliana go dtí an 31 Nollaig 1995 agus ó shin i leith, cuireadh síneadh leis go tráthrialta le haghaidh tréimhsí breise dhá bhliain, mar a fhoráiltear le hAirteagal 45 den Chomhaontú. Cuireadh an síneadh deireanach le ISA i mí Iúil 2019[2] agus beidh sé i bhfeidhm go dtí an 31 Nollaig 2021. Tá togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle chun síneadh breise a chur le ISA go dtí mí na Nollag 2023 réitithe ag an gCoimisiún. Tá an nós imeachta um ghlacadh maidir leis an togra seo ar siúl faoi láthair.

Is chun leasa an Aontais a bheith rannpháirteach i gcomhaontú idirnáisiúnta maidir le siúcra, i bhfianaise a thábhachtaí atá an earnáil sin do roinnt Ballstát agus do gheilleagar earnáil siúcra an Aontais.

### 2.2. An Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta

Is é ISC an comhlacht atá freagrach as feidhmiú na bhfeidhmeanna uile is gá chun forálacha ISA a chomhlíonadh. Glacann sé rialacha agus rialacháin lena n-áirítear rialacha nós imeachta le haghaidh ISC agus a chuid coistí agus le haghaidh rialacháin airgeadais agus foirne ISO. Coimeádann ISC na taifid riachtanacha agus foilsíonn sé tuairisc bhliantúil agus eolas eile má mheastar é a bheith iomchuí.

Tá 2000 vóta san iomlán ag Baill ISA. Tá líon sonrach vótaí ag gach Ball d'ISA, líon a choigeartaítear go bliantúil agus critéir réamhshainithe ISA á leanúint. Déanfar cinntí uile na Comhairle de chomhthoil, i bprionsabal, ach amháin má leagtar síos a mhalairt in ISA. I gcás nach bhfuil comhthoil ann, déanfar cinntí agus moltaí trí vóta tromlaigh shimplí, ach amháin má fhoráiltear maidir le vóta speisialta in ISA.

---

1 Cinneadh (92/580/CEE) ón gComhairle an 13/11/1992 (IO L 379 an 23/12/1992, lch. 15).

2 Cinneadh 2019/1251 ón gComhairle an 15 Iúil 2019 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 (IO L 195, 23.7.2019, lch. 18).

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta

In 2017, fuair an Coimisiún an t-údarú ón gComhairle[3] chun tús a chur le caibidlíocht le páirtithe eile ISA, laistigh d'ISC, d'fhonn ISA a nuachóiriú, go háirithe maidir leis na neamhréireachtaí idir líon vótaí Bhaill ISO agus a gcuid ranníocaíochtaí airgeadais ar thaobh amháin, agus a seasamh coibhneasta i margadh domhanda an tsiúcra ar an taobh eile. Cuireadh síneadh leis an údarú sin in 2019 agus beidh sé bailí go dtí an 31 Nollaig 2021[4].

Ar an 19 Iúil 2019, le linn a 55ú seisiún, chinn ISC tús a chur le caibidlíochtaí faoi threoir UNCTAD. Bhain na caibidlíochtaí sin le páirt-athbhreithniú ar ISA, ag díriú ar na trí réimse seo a leanas: an buiséad riaracháin agus ranníocaíochtaí na mBall faoi Airteagal 25; leathnú na gcuspóirí, na staidéar, na meastóireachta agus gníomhaíochtaí na taighde chun gur féidir táirgí eile atá bainteach le siúcra (go háirithe bitheatánól), a chuimsiú faoi raon feidhme Airteagal 1, 32, 33 agus 34; agus na rialacha le haghaidh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a cheapadh faoi Airteagal 23.

(a) An buiséad riaracháin agus ranníocaíochtaí na mBall faoi Airteagal 25

Bunaithe ar an údarú caibidlíochta ón gComhairle, chuir an Coimisiún tograí nithiúla i láthair chun leasú a dhéanamh ar Airteagal 25, faoina rialaítear glacadh an bhuiséid riaracháin agus ranníocaíochtaí na mBall. Spreagadh an togra seo de bhrí go bhfuil sciar an Aontais den ranníocaíocht airgeadais gan athrú geall leis ó bhí 1992 ann, faoi na rialacha atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le ranníocaíochtaí airgeadais d'ISO, cé go bhfuil athrú mór ó shin i leith i margadh domhanda an tsiúcra, go háirithe seasamh coibhneasta an Aontais ann. Mar thoradh air sin, tá sciar ard díréireach de chostais bhuiséadacha ISO [5] agus de fhreagracht bhuiséadach ISO glactha ag an Aontas le blianta beaga anuas. Chun aghaidh a thabhairt ar an gcás sin, chuir an Coimisiún tús le caibidlíochtaí chun teacht ar mhodh ríofa athbhreithnithe agus ar shásra coigeartaithe nuashonraithe níos éifeachtaí. San fhoirmle atá beartaithe, tá an t-ualú céanna ag na táscairí ábhartha seo a leanas: táirgeadh, tomhaltas, onnmhairí, allmhairí agus cumas íocaíochta, agus cuirtear athruithe struchtúracha le himeacht ama san áireamh san fhoirmle ina bhfuil sásra coigeartaithe bliantúil bunaithe ar mheáin shoghluaiste thar cúig bliana. Chun an dáileachán vótaí atá i bhfeidhm faoi láthair a ailíniú le dálaí reatha mhargadh domhanda an tsiúcra, tá sásra idirthréimhseach inti a chuireann srian ar an athrú bliantúil ar líon na vótaí go 15 % le linn na chéad 5 bliana agus go 20 % don chuid eile den idirthréimhse. Ní bheidh an idirthréimhse níos faide ná 10 mbliana. Thar ceann an Aontais agus i gcomhréir leis an údarú caibidlíochta a tugadh dó, thacaigh an Coimisiún leis an leasú ar Airteagal 25 d'ISA a d'eascair as na caibidlíochtaí.

(b) Leathnú na gcuspóirí, na staidéar, na meastóireachta agus na ngníomhaíochtaí taighde chun gur féidir táirgí eile atá bainteach le siúcra , a chuimsiú faoi raon feidhme Airteagal 1, 32, 33 agus 34

Le linn na gcaibidlíochtaí maidir leis a bpáirt-athbhreithniú ar ISA, mhol Baill eile d'ISA leasuithe a bhaineann le hAirteagal 1 (cuspóirí), le hAirteagal 32 (faisnéis agus staidéir), le hAirteagal 33 (meastóireachtaí margaidh, tomhaltas agus staitisticí)

---

3 Cinneadh 2017/2242 ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra 1992 a leasú(IO L 322, 7.12.2017, lch. 29).

4 Cinneadh 2019/2136 ón gComhairle an 5 Nollaig 2019 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra a leasú (IO L 324, 13.12.2019, lch. 3).

5 Baintear úsáid as líon na vótaí, a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 25, mar aon leis an méid in aghaidh an vóta chun ranníocaíocht airgeadais gach Ballstát i mbuiséad bliantúil ISO a ríomh.

agus le hAirteagal 34 (taighde agus forbairt). Baineann na hathruithe atá beartaithe leis na leasuithe sin leis an méid seo a leanas:

(1) bitheatánól a chuimsiú faoi chuspóirí foriomlána ISA (Airteagal 1, Caibidil I).

(2) dearcadh níos leithne ar 'faisnéis agus staidéir' (Airteagal 32, Caibidil IX) 'meastóireachta margaidh, tomhaltas agus staitisticí' (Airteagal 33, Caibidil IX), 'taighde agus forbairt' (Airteagal 34, Caibidil X), go bunúsach chun gur féidir táirgí eile atá bainteach le siúcra (go háirithe bitheatánól), a chuimsiú sna gníomhaíochtaí sin.

Thar ceann an Aontais agus i gcomhréir leis an údarú caibidlíochta a tugadh dó, thacaigh an Coimisiún leis na leasuithe sin, de bhrí nach ndéanfaidh bitheatánól a chuimsiú sna gníomhaíochtaí sin athrú ar chuspóir foriomlán ISA, mar a leagtar amach é in Airteagal 1 d'ISA.

Pléadh na leasuithe faoi phointí a) agus b) thuas go mion agus tháinig ISC ar chomhaontú ar a sainfhoirmle chríochnaitheach le linn a 57ú seisiún a bhí ar siúl i mí na Samhna 2020.

(c) Na rialacha le haghaidh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a cheapadh faoi Airteagal 23

I mí na Nollag 2020, mhol an Bhrasaíl leasú ar Airteagal 23 d'ISA a bhaineann leis na rialacha le haghaidh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a cheapadh. Is é an t-athrú is mó a eascraíonn as an leasú seo nach féidir leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin níos mó ná dhá théarma oifige a chur isteach. Faoi láthair, ní deirtear aon ní faoi na gnéithe seo i gCaibidil IV d'ISA ná i gCaibidil IX de na rialacha Riaracháin lena mbaineann sí. Cé gur cuireadh isteach é tar éis an 31 Eanáir 2020, an sprioc-am a comhaontaíodh, thacaigh an tAontas leis an leasú sin a chuimsiú faoi pháirt-athbhreithniú reatha ISA de bhrí gurb é is aidhm dó feabhas a chur ar ghníomhaíochtaí na hEagraíochta Idirnáisiúnta Siúcra agus go rannchuidíonn sé leis an gcuspóir foriomlán ISO a nuachóiriú. Tháinig ISC ar chomhaontú ar shainfhoirmle chríochnaitheach an leasaithe sin mar aon lena chuimsiú faoi pháirt-athbhreithniú reatha ISA le linn a 58ú seisiún i mí an Mheithimh 2021.

Ba cheart gach leasú thuas a comhaontaíodh le linn na gcaibidlíochtaí maidir le páirt-athbhreithniú ISA a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 44 chun go mbeidh sé éifeachtach: '*Féadfaidh an Chomhairle, trí vóta speisialta, leasú ar an gComhaontú seo a mholadh do na Baill. Féadfaidh an Chomhairle teorainn ama a leagan síos ar dá éis a thabharfaidh gach Ball fógra don taiscí go nglacann sé leis an leasú. Tiocfaidh an leasú in éifeacht 100 lá tar éis don taiscí fógraí glactha a fháil ó Bhaill ag a mbeidh ar a laghad dhá thrian d'iomlán na vótaí atá ag na Baill go léir faoi Airteagal 11 mar a chinntear faoi Airteagal 25, nó ar cibé dáta is déanaí ná sin a bheidh an Chomhairle tar éis a chinneadh trí vóta speisialta. Féadfaidh an Chomhairle tráth a leagan síos faoina thabharfaidh gach Ball fógra don taiscí go nglacann sé leis an leasú agus, mura mbeidh sé tagtha in éifeacht faoin tráth sin, measfar é a bheith tarraingthe siar. Soláthróidh an Chomhairle don taiscí an fhaisnéis is gá lena chinneadh an leordhóthanach na fógraí i dtaobh glacadh leis an leasú chun go mbeidh sé éifeachtach.*'

De bhun an Airteagail thuas, le linn a chéad sheisiún eile atá beartaithe don 26 Samhain 2021, déanfaidh ISC an méid seo a leanas:

- ISA a leasú, de chomhthoil nó mura féidir teacht ar chomhthoil trí vóta speisialta, a mholadh do na Baill.

- An clár ama le haghaidh an leasú a chur chun feidhme a fhormheas, de chomhthoil nó mura féidir teacht ar chomhthoil trí vóta speisialta. Tá clár ama molta ag Rúnaíocht ISO le haghaidh an nós imeachta um leasú faoi Airteagal 44 a chur chun feidhme agus le haghaidh teacht i bhfeidhm na leasuithe ar Airteagail ISA a d'eascair as an gcaibidlíocht maidir le páirt-athbhreithniú ISA ina dhiaidh sin. Cuireadh an clár ama sin faoi bhráid an ISC le linn a 58ú seisiún ar an 18 Meitheamh 2021. Le linn an tseisiúin, níor ardaigh aon Bhall aon agóid i ndáil leis an gclár ama maidir le cur chun feidhme atá beartaithe.

Is iad seo a leanas **príomh-gharspriocanna** an chláir ama maidir le cur chun feidhme atá beartaithe:

- Faoin **30 Meitheamh 2023** tabharfaidh na baill fógra don taiscí go nglacann siad leis na leasuithe. Moltar an sprioc-am seo le go mbeidh leordhóthanach ama ag na Baill an nós imeachta bunreachtúil is gá, le haghaidh an leasú ar an ISA a formheas, a thabhairt chun críche.
- Má fhaigheann an taiscí fógraí i dtaobh a nglacadh ó a Baill ag a bhfuil ar a laghad dhá thrian d'iomlán na vótaí, **tiocfaidh na leasuithe in éifeacht an 31 Deireadh Fómhair 2023**. Tá sé sin tuairim is 123 lá tar éis an dáta atá socraithe don fhógra i dtaobh glacadh na leasuithe a fháil (i.e. an 30 Meitheamh 2023). Aon Bhall nach mbeidh an fógra i dtaobh ghlacadh na leasuithe seolta aige faoin dáta sin scoirfidh sé de bheith ina pháirtí in ISA.
- I gcás ina dtarlaíonn an staid thuas, formheasfaidh na Baill dáileadh athbhreithnithe na vótaí de réir na foirmle ríofa nua a leagtar síos san Airteagal 25 leasaithe d'ISA agus an ranníocaíocht airgeadais don bhliain 2024[5] le linn an dara seisiún d'ISC le haghaidh na bliana 2023 a bheidh ar siúl an **tseachtain deiridh de mhí na Samhna nó an chéad seachtain de mhí na Nollag 2023**.
- **Tiocfaidh ISA leasaithe i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.** Beidh an dáta sin i gcomhthráth leis an dáta a rachaidh an síneadh is déanaí d'ISA in éag, síneadh lena gcumhdaítear an tréimhse ón 1 Eanáir 2022 go dtí an 31 Nollaig 2023 (le formheas ag ISC ag a seisiún an 26 Samhain 2021[6]).
- Má fhaigheann an taiscí fógraí i dtaobh glactha ó Bhaill ag a bhfuil níos lú ná dhá thrian d'iomlán na vótaí faoin 31 Deireadh Fómhair 2023, ní thiocfaidh an leasú in éifeacht agus ní bheidh aon athrú ar ISA, 1992.

Tá an clár ama thuas i gcomhréir leis na forálacha in Airteagal 44 d'ISA.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Tá sé de chuspóir ag an gCinneadh seo údarú na Comhairle a lorg don Choimisiún chun vótáil, thar ceann an Aontais, i bhfabhar a mholadh do Bhaill ISO ISA a leasú, i gcomhréir le toradh na caibidlíochta maidir lena pháirt-athbhreithniú, le linn an 59ú seisiún den ISC a bheidh ar siúl an 26 Samhain 2021. Áirítear i ndréacht ISA leasaithe, athruithe i ndáil le hAirteagail 1, 23, 25, 32, 33 agus 34 a d'eascair as an gcaibidlíocht maidir le páirt-athbhreithniú ISA (le haghaidh mionsonraí, féach fophointí a, b agus c faoi phointe 2.3 thuas).

6 Tá togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle chun síneadh breise a chur le ISA go dtí mí na Nollag 2023 dréachtaithe ag an gCoimisiún. Tá an nós imeachta um ghlacadh maidir leis an togra seo ar siúl faoi láthair.

Is léir go bhfuil sé chun leas an Aontais ISO a athchóiriú chun é a ailíniú tuilleadh leis na cleachtais a chothaíonn an tAontas i gcomhlachtaí idirnáisiúnta tráchtearraí eile agus le forbairtí i margadh domhanda an tsiúcra ó bhí 1992 ann. De thoradh an athchóirithe seo, bheadh trédhearcacht ann maidir le dualgais vótála na mBall agus lena ranníocaíochtaí airgeadais. Tá bunú rialacha soiléire maidir le ceapadh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin agus an srian ar líon na téarmaí oifige is féidir leis a chur isteach i gcomhréir le haidhm an Aontais ISA a nuachóiriú, agus, san am céanna, le cuimsiú foirmiúil eatánóil i gcuspóirí agus clár oibre ISO ailínítear a bhfuil sa Chomhaontú leis an gcleachtas atá ann faoi láthair.

Thairis sin, tá sé de chuspóir ag an gcinneadh seo údarú na Comhairle a lorg don Choimisiún vótáil, thar ceann an Aontais le linn an 59ú seisiún d'ISC a bheidh ar siúl an 26 Samhain 2021, i bhfabhar clár ama maidir le cur chun feidhme a áiritheoidh go leagfar amach go soiléir na garspriocanna éagsúla a bhaineann leis an leasú ar ISA agus go dtiocfaidh an leasú i bhfeidhm tráth nach déanaí ná 1 Eanáir 2024.

## 4. Bunús dlí

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

#### *4.1.1. Na prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.*'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear leis freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a bhféadfadh tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[7].

#### *4.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Leis an ngníomh atá beartaithe ag an gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta, leasófar ISA, ar comhaontú idirnáisiúnta é atá ina cheangal ar an Aontas. Dá bhrí sin, tá éifeachtaí dlíthiúla ag an ngníomh atá beartaithe.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach ISA.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí leis an nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús substaintiúil dlí

#### *4.2.1. Na prionsabail*

An bunús dlí substainteach le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe agus a bhfuiltear ag glacadh seasamh thar ceann an Aontais ina leith. Má tá dhá aidhm ag an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann agus más féidir ceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin a shainaithint mar phríomhaidhm nó mar phríomh-chomhpháirt agus an ceann eile a shainaithint mar aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi

7 Breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar bhunús dlí substainteach aonair, eadhon an bunús dlí a éilítear de réir na príomhaidhme nó na príomh-chomhpháirte.

*4.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is le comhbheartas tráchtála (trádáil i dtáirgí talmhaíochta) a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 207 CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

**4.3. Conclúid**

Ba cheart Airteagal 207 CFAE a bheith ina bhunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

## 5. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar ISA le gníomh ón gComhairle Siúcra Idirnáisiúnta , is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh tar* éis a ghlactha.

2021/0286 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 a leasú**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207 i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí é an tAontas sa Chomhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 ('ISA'), a thug an tAontas i gcrích le Cinneadh 92/580/CEE ón gComhairle[1] agus is Ball é den Eagraíochta Idirnáisiúnta Siúcra ('ISO').

(2) De bhun Airteagal 8 d'ISA, déanann an Comhairle Siúcra Idirnáisiúnta na feidhmeanna ar fad is gá nó déanann sí socrú lena n-aghaidh chun forálacha ISA a chomhlíonadh. De bhun Airteagal 13 d'ISA, déanta cinntí uile na Comhairle Siúcra Idirnáisiúnta de chomhthoil, i bprionsabal. I gcás nach bhfuil comhthoil ann, déantar cinntí trí vóta tromlaigh shimplí, ach amháin má fhoráiltear maidir le vóta speisialta san ISA.

(3) De bhun Airteagal 25 d'ISA, tá 2 000 vóta san iomlán ag Baill ISA. Tá líon sonrach vótaí ag gach Ball d'ISA, líon a choigeartaítear go bliantúil i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach san Airteagal sin.

(4) Dáileadh na vótaí i measc Bhaill ISO, trína chinntear freisin ranníocaíocht airgeadais na mBall, níl sin ag teacht a thuilleadh le fírinní mhargadh domhanda an tsiúcra, áfach.

(5) Faoi rialacha ISA maidir le ranníocaíochtaí airgeadais d'ISO, tá sciar an Aontais díobh gan athrú ó bhí 1992 ann cé gur tháinig athrú mór ar mhargadh domhanda an tsiúcra ó shin, go háirithe seasamh coibhneasta an Aontais ann. Mar thoradh air sin, tá sciar ard díréireach de na costais bhuiséadacha agus den fhreagracht bhuiséadach in ISO glactha ag an Aontas le blianta beaga anuas.

(6) Le Cinneadh (AE) 2017/2242 ón gComhairle[2], fuair an Coimisiún údarú ón gComhairle chun tús a chur le caibidlíocht le páirtithe eile ISA, laistigh den Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta, d'fhonn ISA a nuachóiriú, go háirithe maidir leis na neamhréireachtaí idir líon vótaí Bhaill ISO agus a gcuid ranníocaíochtaí airgeadais ar thaobh amháin agus a seasamh coibhneasta i margadh domhanda an tsiúcra ar an taobh

---

[1] Cinneadh 92/580/CEE ón gComhairle an 13 Samhain 1992 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Idirnáisiúnta Siúcra 1992 (IO L 379, 23.12.1992, lch. 15).

[2] Cinneadh (AE) 2017/2242 ón gComhairle an 30 Samhain 2017 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra 1992 a leasú(IO L 322, 7.12.2017, lch. 29).

eile. Le Cinneadh (AE) 2019/2136 ón gComhairle[3] cuireadh síneadh leis an údarú sin go dtí 31 Nollaig 2021.

(7) Bunaithe ar an údarú a fuair sé, chuaigh an Coimisiún i mbun caibidlíochta leis na tíortha is ball d'ISO agus chuir sé tograí nithiúla i láthair chun leasú a dhéanamh ar Airteagal 25 d'ISA, faoina rialaítear glacadh an bhuiséid riaracháin agus ranníocaíochtaí na mBall. An 19 Iúil 2019, le linn a 55ú seisiún, chinn an Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta tús a chur le caibidlíocht maidir le páirt-athbhreithniú a dhéanamh ar ISA, roimh a chéad chruinniú eile i mí na Samhna 2019, faoi threoir Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Thrádáil agus Forbairt (UNCTAD).

(8) Tar éis do roinnt Ball d'ISO iarratais a dhéanamh, de bhreis ar an athbhreithniú ar Airteagal 25 d'ISA a mhol an tAontas, chinn an Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta go mbeidh réimsí eile d'ISA, go háirithe na cuspóirí faoi Airteagal 1 d'ISA, agus tosaíochtaí oibre ISO faoi Airteagail 32, 33 agus 34 d'ISA chomh maith leis na rialacha le haghaidh an Stiúrthóra Feidhmiúcháin a cheapadh faoi Airteagal 23 d'ISA, go mbeidh na réimsí sin faoi réir caibidlíocht fhoirmiúil. Tháinig an Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta ar chomhaontú ar shainfhoirmle chríochnaitheach na leasuithe a bhaineann leis na hAirteagail sin le linn a 57ú seisiún i mí na Samhna 2020 agus a 58ú seisiún i mí an Mheithimh 2021.

(9) Tá aon leasuithe arna chomhaontú le linn na caibidlíochta sin le glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 44 d'ISA. De bhun an Airteagail sin, féadfaidh an Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta, trí vóta speisialta, leasú ar ISA a mholadh do Bhaill ISO. Mar Bhall den Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta, i gcomhréir le hAirteagal 7 d'ISA, tá an tAontas in ann páirt a ghlacadh sa vóta speisialta sin arb aidhm dó tús a chur leis an nós imeachta chun creat institiúideach ISA a leasú.

(10) De réir an chláir ama chun an páirt-athbhreithniú ar ISA a chur chun feidhme, reáchtálfar an vóta speisialta de bhun Airteagal 44 d'ISA, chun leasú ISA a mholadh do na Baill, le linn an 59ú seisiún den Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta atá beartaithe do mhí na Samhna 2021.

(11) Is iomchuí dá réir sin an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 59ú seisiún den Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a shuí, óir is chun leas an Aontais é ISA a leasú chun toradh na caibidlíochta le haghaidh a pháirt-athbhreithnithe a léiriú.

(12) Thairis sin, is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 59ú seisiún den Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a shuí ar chlár ama an leasaithe ar ISA thuas a chur chun feidhme, óir is chun leas an Aontais an leasú a bheith curtha chun feidhme an 1 Eanáir 2024 ar a dhéanaí,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leagtar amach an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i leith an vóta speisialta a reáchtálfar le linn an 59ú seisiún den Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta ar an 26 Samhain 2021 de bhun Airteagal 44 den Chomhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

[3] Cinneadh (AE) 2019/2136 ón gComhairle an 5 Nollaig 2019 lena n-údaraítear tús a chur le caibidlíocht chun an Comhaontú Idirnáisiúnta Siúcra 1992 a leasú (IO L 324, 13.12.2019, lch. 3).

*Airteagal 2*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

# RÁITEAS AIRGEADAIS

FinancSt/10/
PSH/hn/xxxxxx

6.22.2021.1

DÁTA: 12.7.2021

| | | |
|---|---|---|
| 1. | CEANNTEIDEAL BUISÉID:<br>14 20 03 06 Eagraíochtaí agus Comhaontuithe Idirnáisiúnta | LEITHREASUITHE:<br>B2021 6 300 000 EUR |
| 2. | TEIDEAL:<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta a mhéid a bhaineann leis an gComhaontú Idirnáisiúnta Siúcra, 1992 a leasú | |
| 3. | BUNÚS DLÍ: Airteagal 207 i gcomhar le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh | |
| 4. | AIDHMEANNA:<br>An seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Siúcra Idirnáisiúnta(‘ISC’) i gcomhar leis an vóta speisialta a reáchtálfar i gcomhréir le hAirteagal 44(1) den Chomhaontú Idirnáisiúnta Siúcra (‘ISA’) lena molfar do Bhaill na hEagraíochta Idirnáisiúnta Siúcra (‘ISO’) ISA a leasú i gcomhréir le toradh na caibidlíochta maidir lena pháirt-athbhreithniú ar cuireadh tús leis i mí Iúil 2019 a shuí. Baineann an t-athbhreithniú seo go príomha le modh ríofa athbhreithnithe agus le sásra coigeartaithe nuashonraithe níos éifeachtaí a aimsiú chun sciar an Aontais de na costais bhuiséadacha agus den fhreagracht bhuiséadach laistigh d’ISO a normalú. | |

| | | TRÉIMHSE 12 MHÍ<br><br>(EUR milliún) | AN BHLIAIN AIRGEADAIS REATHA 2021<br>(EUR milliún) | AN CHÉAD BHLIAIN AIRGEADAIS EILE 2022<br>(EUR milliún) |
|---|---|---|---|---|
| 5. | IMPLEACHTAÍ AIRGEADAIS | | | |
| 5.0 | CAITEACHAS<br>- ARNA MHUIREARÚ AR BHUISÉAD AN AONTAIS (AISÍOCAÍOCHTAÍ/IDIRGHABHÁLACHA)<br>- ÚDARÁIS NÁISIÚNTA<br>- EILE | | | |
| 5.1 | IONCAM<br>- ACMHAINNÍ DÍLSE AN AONTAIS (TOBHAIGH/DLEACHTANNA CUSTAIM)<br>- NÁISIÚNTA | | | |
| | | 2023<br>(EUR milliún) | | |
| 5.0.1 | CAITEACHAS MEASTA | | | |
| 5.1.1 | IONCAM MEASTA | | | |
| 5.2 | MODH RÍOMHA: | | | |

| | | |
|---|---|---|
| 6.0 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ Ó LEITHREASUITHE A CUIREADH ISTEACH I gCAIBIDIL ÁBHARTHA AN BHUISÉID ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR? | IS FÉIDIR |
| 6.1 | AN FÉIDIR AN TIONSCADAL A MHAOINIÚ TRÍ AISTRIÚ A DHÉANAMH IDIR CAIBIDLÍ AN BHUISÉID ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR? | - |
| 6.2 | AN mBEIDH GÁ LE BUISÉAD FORLÍONTACH? | - |
| 6.3 | AN mBEIDH GÁ LE LEITHREASUITHE A CHUR ISTEACH I mBUISÉID AMACH ANSEO? | BEIDH |

NÓTAÍ:
Is féidir go mbeidh iarmhairtí airgeadais ag an togra amhail ó 2024 ach ní féidir iad chainníochtú faoi láthair.

Braithfidh sciar an Aontais den ranníocaíocht airgeadais ar líon críochnaitheach na vótaí a bhfaighidh an tAontas i ndiaidh aontú an leasaithe. Is é is dóichí go laghdóidh sciar an Aontais.